

Croí an Cheantair: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfuil béim mhór ar chúrsaí tionsclaíochta in Éirinn, dar leat?
- Céard é do mheas ar thionchar na tionsclaíochta ar an tsochaí?
- Cé na tionscail is mó in Éirinn faoi láthair?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

truailleú		services
monarchana		manufacturing
róbait	→	pollution
seirbhísí		development
déantúsaíocht		robots
tionsclaíocht		industry
feirmeoireacht		farming
forbairt		factories
iascaireacht		jobs
poist		fishing

C Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

- Tá an chuid is mó den _____ sa tír seo lonnaithe in oirthear na tíre.
- Tá sé deacair _____ a dhéanamh ar chúrsaí tionsclaíochta sna ceantair iargúlta.
- Deirtear go mbeidh _____ ag déanamh obair dhochtúra agus agus obair phíolóta faoi 2030 ach ní bheadh aon mhuintir agamsa as sin!
- Tá an _____ in Éirinn bunaithe go mór ar an ‘teicneolaíocht ghlas’, teicneolaíocht faisnéise, feistí leighis agus ar an mbithchógais.
- Fadó, is _____ ar an farrage agus ar an bh_____ a bhí muintir na hÉireann ag brath.
- Níl mórán _____ ar fáil i gceantair thuithe, mar sin, níl tada ann le tionsclaíocht a mhealladh.
- Nuair a ghintear _____ as an déantúsaíocht, ba chóir go n-íocfadh an comhlacht go daor as.
- Braitheann _____ nua sa tír seo go mór ar an infheistíocht idirnáisiúnta isteach.
- Tá neart _____ folmha le feiceáil ar fud na tíre - níl mórán tionsclaíochta ag tarlú lasmuigh de na cathracha móra.



Croí an Cheantair: Mír a hAon

A Freagair na ceisteanna.

- Cén uair a thuig na hoibrithe go raibh Ford Chorcaí le dúnadh?
 - Thart ar sé mhí roimh ré
 - Tuairim is dhá bhliain roimh ré
 - Ní raibh tada ar eolas acu go dtí an lá féin
- Cén fáth a raibh Ford Chorcaí faoi mhíbhuntáiste nuair a chuaigh Éire isteach sa gComhphobal Eacnamaíoch Eorpach?
 - Mar bhuail cúlú eacnamaíochta an tír ag an am sin
 - Mar gheall gur iompaigh an pobal in aghaidh earraí Meiriceánacha
 - Mar cuireadh deireadh le taraifí ar earraí iomportáilte
- Céard a bhí suntasach faoi na carranna a bhí ag teacht isteach sa mhargadh?
 - Bhí siad níos sábháilte
 - *Bhí siad níos saoire
 - Bhí siad níos mó

B Pleanáil ghnó.

Tá géarchéim eacnamaíochta sa tír. Ullmhaigh plean gnó do chomhlacht carranna (bhur rogha féin!) le do ghúpa agus sibh ag díriú ar níos mó díolacháin a ghiniúint. Lión isteach an greille thíos.

Príomhtháirgí	Moltaí chun na príomhtháirgí a dhéanamh níos mealltaí
Coincheap do tháirge nua	Ráiteas faoin gcaoi a bhfuil do chuid carranna níos fearr ná cinn na n-iomaitheoirí

C Straitéis margáochta.

Croch na ráitis ar na ballaí agus iarr aischothú ó na daoine eile sa rang.
Féach ar a gcuid pleananna agus tabhair moltaí.
Déan cur i láthair ar do phlean leasaithe don rang.



Croí an Cheantair: Mír a Dó

A

Freagair na ceisteanna.

- Cén fáth nach raibh stailc oifigiúil sa chomhlacht riamh?**
 - Mar go raibh na tearmaí go maith ann
 - Mar nach raibh cead ceardchumann a eagrú laistigh den chomhlacht
 - Mar go raibh eagla ar na hoibrithe stailc a eagrú
- Cé mhéad airgid a chur pá na n-oibrithe isteach sa gheilleagar áitiúil?**
 - 1.5 milliún euro sa tseachtain
 - 1.5 milliún euro sa mhí
 - 1.5 milliún euro sa bhliain
- Cén fáth a raibh an comhlacht ar nós clainne? (Níos nó ná rud amháin.)**
 - Bhraith na húinéirí agus na hoibrithe gur chuid de rud mór amháin iad
 - D'eagraigh an comhlacht imeachtaí i measc na n-oibrithe
 - Bhuaigh siad an comórtas 'Tops of the Town'

B

Plé ranga.

Cuimhnigh ar na nithe thíos agus ar na hathruithe a bhaineann leo sa tréimhse.

- Conas atá athrú tagtha ar an déantúsaíocht le céad bliain anuas?
- Cén t-athrú atá tagtha ar an gcaoi a mbaintear úsáid as ábhair (mar shampla, plaisteach)?
- Cén chaoi a bhfuil athrú tagtha ar ról daoine sa phróiseas déantúsaíochta le céad bliain anuas?
- Cé na mórdhifríochnaí atá idir carranna 1917 agus carranna 2017?
- Cén fáth a ndearnadh na hathruithe seo, dar leat?
- Cad a cheapann tusa de charranna uathoibreacha?



Croí an Cheantair: Mír a Trí

A Freagair na ceisteanna.

1. Cén fáth ar tugadh ‘five dollar a day man’ ar Henry Ford?

- Mar gur íoc sé cúig dhollar nuair nach raibh sa mheánphá tionsclaíoch ach dhá dhollar
- Mar nár íoc sé ach cúig dhollar nuair a bhí an mheánphá tionsclaíoch thart ar deich dollar
- Mar gur chreid sé gur chóir go mbeadh pá uilíoch cúig dhollar sa lá ag gach fear sa tír

2. Cén fáth ar íoc Ford an méid sin airgid le hoibrithe? (Níos mó ná freagra amháin.)

- Mar gur chreid sé go n-oibreidís ní ba dhéine dá bharr
- Mar gur chreid sé go bhfanfaidís leis an gcomhlacht dá bharr
- Mar gur chreid sé nach dtarlódh stailceanna dá mbeadh an pá céanna ag gach duine sa chomhlacht

3. Cén buntáiste a bhí ann do dhaoine a bhí ag obair ag Ford go ginearálta?

- Gheofá iasacht gan fadhb ar bith agus bheifeá in ann teach a cheannach
- Bhí stádas ag baint leis an obair
- Fuair tú scileanna maithe as

B Rólghníomhaíocht

Le do ghrúpa, ullmhaigh rólghníomhaíocht bunaithe ar na rólanna thíos.

Ról A: An t-iriseoir

Is iriseoir thú le nuachtán náisiúnta agus tá tú ar thóir scúip! Tá scéal uait maidir leis an gcomhlacht. Cuir agallamh ar na daoine luaite thíos chun an fhírinne a aimsiú.

Ról B: An ceannasaí

Ceapann tusa gurb é do chomhlachta an ceann is fearr sa saol. Íoctar na hoibrithe go maith agus tá coinníollacha oibre iontach ann. Is ceannródaí é an comhlacht ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta, timpeallachta agus seirbhíse do chustaiméirí de. Níl tú ag iarraidh go scríobhfar tada diúltach faoi do chomhlacht sa nuachtán - labhair le gach duine le cinntiú nach dtarlódh sé sin.

Ról C: An t-oibrí

Tá an ghráin agat ar an gcomhlacht. Ní bhaineann tú sásamh as do chuid oibre, ní íoctar do dhóthain pá leat agus bíonn uaireanta fada ort. Tá tú ag iarraidh é sin a chur in iúl don bhainistíocht. Muna n-éisteann an ceannasaí leat, déan clamhsán leis an iriseoir.

Ról D: An custaiméir

Is custaiméir fadtéarmach thú agus tá an-díoma ort faoin seirbhís atá á fháil agat ón gcomhlacht an aimsir seo. Ní chreideann tú na líomáintí maidir le drochiompar an chomhlachta i dtaobh cúrsaí timpeallachta ach feictear duit go bhfuil na hoibrithe uafásach míshásta agus drochbhéasach leis. Inis don oibrí céard a cheapann tú faoin iompar sa chomhlacht agus cuir do chuid tuairimí in iúl don iriseoir.